



Cumann Merriman

Bunaíodh Cumann Merriman sa bhliain 1967 chun ainm agus saothar Bhriain Merriman a bhuanú agus ina theannta sin chun speis a chothú i ngach gné de dhúchas na hÉireann agus de dhúchas Thuamhuman ach go háirithe: an Ghaeilge, an stair, an litríocht agus an ceol. Reachtáiltear Scoil Samhraidh agus Scoil Gheimhridh chun na cuspóirí seo a chur i gcrích.

••• Éarlambh

Micheál D. Ó hUigín, Uachtarán na hÉireann

••• Coiste Chumann Merriman 2017-2018

Cathaoirleach: Liam Ó Dochartaigh

Leas-Chathaoirleach: Máire Ní Neachtain

Rúnaí: Deirdre Nic Mhathúna

Cisteoir: Catherine Devine

Mary Rose Greville

Marian O'Callaghan,

Brian Ó Dálaigh

Mary O'Riordan

••• Rúnaí Ballraíochta: folúntas

••• Ballraíocht i gCumann Merriman

Is féidir le duine ar bith clárú mar bhall den Chumann ach táille bhliantúil a íoc. Tá margadh speisialta de €10.00 á thairiscint do 2017-2018.

Le go mairfidh Cumann Merriman agus na scoileanna geimhridh agus samhraidh amach anseo, níor mhór glúin eile a theacht chun cinn a bheadh toilteanach a bheith ina mbaill de Choiste Chumann Merriman.

Cumann Merriman
SCOIL SAMHRAIDH 2018
AN 50^ú SCOIL SAMHRAIDH
(le deimhniú)

Inis, Co. an Chláir
22 - 26 Lúnasa 2018
(Céadaoin go Domhnach)

Téama
All Changed: Ireland 1968-2018
Éire 1968-2018

Scoil Gheimhridh Merriman

Tionóladh céad Scoil Gheimhridh Merriman in Aonach Urmhumhan mí Eanáir 1969. Mar seo a tharla: 'Tháinig Máirtín Ó Cadhain go dtí an chéad Scoil Samhraidh de chuid Chumann Merriman in Inis sa bhliain 1968. Bhí cuireadh tugtha dó páirt a ghlacadh i siompóisiam ar litríocht Ghaeilge Thuamhuman. D'éirigh thar barr leis an scoil agus beartaíodh scoil samhraidh eile a chur ar siúl. Ach anuas air sin, agus mar thoradh agus mar fhreagra ar dhíograis lucht na scoile, mhol Tomás de Bhaldraithe go gcuirfí comórtas filíochta ar siúl agus go dtiocfadh na filí i láthair lena saothar a léamh; sa chaoi seo nascfaí imeachtaí Chumann Merriman le saothar cruthaitheach Gaeilge an lae sin. Mhol Máirtín Ó Cadhain go mba mhaith an ócáid í a leithéid de scoil chun scríbhneoireacht próis na Gaeilge a phlé. Ba é an toradh a bhí ar na moltaí sin Scoil Gheimhridh Merriman a tionóladh in Aonach Urmhumhan, mí Eanáir 1969. Thapaigh Cumann Merriman an deis agus iarradh ar an gCadhnach léacht thionscnaimh na scoile sin a thabhairt.' (Eoghan Ó hAnluain, 2003.)

'Filí Éireann go hAonteach' téama na scoile tosaigh, agus b'iad Seán Ó Mordha agus Eoghan Ó hAnluain a d'eagraigh. Chomh maith leis an gCadhnach a thug an léacht cháiliúil, 'Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca', bhí beirt de mhórfhilí na linne, Seán Ó Ríordáin agus Máirtín Ó Direáin, páirteach sa chéad scoil seo freisin, agus léigh an file óg Nuala Ní Dhomhnaill dán.

Tá Scoil Gheimhridh Merriman á reachtáil go féilteúil gach bliain ó shin i leith.

2018
BLIAIN NA
Gaeilge

125
ATHBHEOCHAN

Gaeilge bheo
Is linne ar fad í



Cumann Merriman Scoil Gheimhridh 2018

Óstán an Old Ground, Inis, Co. an Chláir
Aoine 26ú – Domhnach 28ú Eanáir 2018

Éigse Éireann go hAonteach



STIÚRTHÓIRÍ:
Máire Ní Neachtain
Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach

Liam Ó Dochartaigh

EOLAS:
Cumann Merriman
086-382 0671 / eolas@merriman.ie
www.merriman.ie



Urraithe ag
Foras na Gaeilge



*Tá an Scoil seo á beagrú i gcomhar le
An Clár as Gaeilge*

Táille na Scoile: €60.00 (mic léinn €30.00)

Dé hAoine 26 Eanáir

- 5.30 Clárú**
Óstán an Old Ground, Inis, Co. an Chláir
- 7.15 Fáiltiú** urraithe ag Óstán an Old Ground agus Cumann Merriman
- 8.15 Oscailt na Scoile** Liam Ó Dochartaigh, Cathaoirleach, Cumann Merriman
- 8.30 Súil eile ar Éirinn:**
Scríobh agus Scoláireacht na Gaeilge
Na hOllúna Máirín Nic Eoin agus Alan Titley faoi agallamh ag Cathal Póirtéir
- 10.30 Club Merriman**
Comhrá, ceol agus amhráin.

Dé Sathairn 27 Eanáir

- 10.30 Siompóisiam** *Trí Mheán na Gaeilge*
- Siobhán Ní Ghadhra, Ros na Rún
Séamus Barra Ó Súilleabháin, file
Darach Ó Scoláí, Leabhar Breac
- Cathaoirleach:** Máire Ní Neachtain
- 12.30 Seoladh Dhá Leabhar le Cló Iar-Chonnacht**
Ionad: Óstán an Old Ground, Inis
- (i) Aisling Ní Dhonnchadha agus Máirín Nic Eoin (Eagarthóirí)
Aois na hÓige: Díolaim Próis
- (ii) Ronan Doherty, Brian Ó Conchubhair agus Philip O’Leary (Eagarthóirí)
Úrscéalta na Gaeilge

3.00 Merriman agus Raiftearaí: Seoladh leabhar Ionad: Caifé & Beár Rowan Tree, Inis

- (i) *Cúirt an Mheán Oíche*
le Brian Merriman (LeabhairCOMHAR)
Cóirithe don stáitse ag Celia de Fréine. In eagar le gluais ag Fidelma Ní Ghallchobhair.
Léifidh baill d’Aisteoirí Bulfin sleachta as an gCúirt.
- (ii) *Amhráin agus Dánta Raiftearaí (Futa Fata)*
Athleagan ar eagrán Dhúglas de hÍde (1903, 1933) le Nollaig Ó Muraíle. Caint ghearr leis an Dr Nollaig Ó Muraíle.
Amhráin le Caitlín Pheaits Ní Chualáin.

8.30 An File. An bhean, a scéal, a saothar, a céadsearc

An tOllamh Patricia Coughlan i mbun allagair le Nuala Ní Dhomhnaill

Amhráin le Muireann Nic Amhlaoibh

10.30 Club Merriman

Comhrá, ceol agus amhráin.

Dé Domhnaigh 28 Eanáir

11.00 Filíocht, ceol agus amhráin ón gClár

Doireann Ní Ghríofa, file, agus Cláirínigh eile

••• Tuilleadh eolais

A thuilleadh eolais le fáil ar láithreán gréasáin Chumann Merriman www.merriman.ie nó ag eolas@merriman.ie nó **086 382 0671**

••• Inis, Co. an Chláir

Tá gean faoi leith ag baill Chumann Merriman ar Inis ós ann a tionóladh an chéad Scoil Samhraidh i bhfómhar na bliana 1968. Cuma cé acu fleadh cheoil nó féile chlub leabhar, scoil samhraidh nó geimhridh, cuairt fhada nó gearr, braitheann cuairteoirí go bhfuil an-fháilte rompu ar an mbaile seo. D’fhill an Cumann ar Inis go minic do Scoileanna Samhraidh ach más buan ár gcuimhne, níl anseo ach an dara cuairt ar Inis don Scoil Gheimhridh sa leathchéad bliain ó Eanáir 1969!

••• Buíochas

Gabhann Cumann Merriman buíochas ó chroí leo seo a leanas as ucht a gcuid tacaíochta do Chumann Merriman agus as a gcuid urraíochta ar an 50ú Scoil Gheimhridh seo:

Foras na Gaeilge, Scéim na bhFéilte

Eilís Ní Bheilbigh

An Clár as Gaeilge

Sara Nic Con Mara, Dónal Ó hAiniféin

Bliain na Gaeilge, Ciste 125

Síomha Ní Ruairc

Óstán an Old Ground, Inis

Allen Flynn, Bainisteoir & Phil Spellissy,

Bainisteoir áirithintí

Caifé & Beár Rowan Tree, Inis

Brian O’Neill

Comhairle Chontae an Chláir

Helen Walsh, Leabharlannaí an Chláir

An Dr Thomas Dillon Redshaw, Cathair Phóil

Minnesota, S.A.M

Cló Iar-Chonnacht, Bridget Bhreathnach

LeabhairCOMHAR, Elly Shaw

Futa Fata Tadhg Mac Dhonnagáin

*In Óstán an Old Ground in Inis (065 682 8127 d’áirithintí; luaigh ‘Merriman’)
a bheidh na himeachtaí go léir ach amháin seoladh na leabhar tar éis lóin Dé Sathairn (Caifé & Beár an Rowan Tree, Inis)*